C/2026/6028

17.11.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/6028)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Valle d'Aosta Lard d'Arnad / Vallée d'Aoste Lard d'Arnad'

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-1493-AM01 — 19.8.2026

1. **Ainm an táirge**

'Valle d'Aosta Lard d'Arnad / Vallée d'Aoste Lard d'Arnad'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ PDO

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta - An Roinn Biafhlaithis agus Spórt Eachaíochta

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Ní leasuithe ar leibhéal an Aontais iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ATFC Valle d'Aosta Lard d'Arnad toisc nach gcomhlíonann siad na critéir a leagtar síos in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143, i.e.:

— níl i gceist leo athrú ar ainm nó ar úsáid an ainm;

— níl an baol ann dá ndeasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní; agus

— níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Na muca a ghearradh

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Leasú 1

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 5 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Sonraítear sa leasú nach mór na muca a ghearradh freisin i réigiúin Valle d'Aosta, Veneto, Lombardia, Emilia-Romagna agus Piedmonte.

Cúiseanna: Soiléirítear leis an leasú nach mór oibríochtaí gearrtha a dhéanamh freisin laistigh den limistéar tógála muc, i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2024/1143.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Saintréithe géiniteacha

Tuairisc

Leasú 2

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach mír shonrach maidir le 'Saintréithe géiniteacha'. Soiléiríodh tionscnamh géiniteach an amhábhair i ndáil le cineál géiniteach na bpóraitheoirí, ainmhithe fireanna agus ainmhithe baineanna araon, trí na teaglamaí géiniteacha ceadaithe a áireamh. Dá bhrí sin, rinneadh an tagairt sa téacs do na forálacha maidir le pórtha le haghaidh an ATFC Prosciutto di Parma agus an ATFC Prosciutto di San Daniele a ionadú.

Cúiseanna: Leis an leasú, soiléirítear teaglamaí ceadaithe na gcrosantach póraithe. Tá sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar phór agus ar chineál géiniteach an dá ainmhí pórúcháin chun saintréithe muc trom a choinneáil ar bun, go háirithe a mhéid a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht leis na trí phór tagartha i Leabhar Tréada na hIodáile atá beartaithe do tháirgeadh muc trom.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Tábla na gceanglas géiniteach

Tuairisc

Leasú 3

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tábla ina mínítear na ceanglais ghéiniteacha le haghaidh muc agus na teaglamaí ceadaithe agus neamhcheadaithe.

Cúiseanna: Le cuimsiú an tábla, soláthraítear níos mó soiléireachta maidir leis an sainmhíniú ar na teaglamaí sin de chrosphórú géiniteach amháin a d'fhéadfadh a bheith ann.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Nuashonrú ar liosta na gcineálacha géiniteacha

Tuairisc

Leasú 4

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tagairt don liosta de chineálacha géiniteacha atá formheasta ag an Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta.

Cúiseanna: Leis an tagairt don liosta agus an nuashonrú a rinneadh air, is fearr is féidir faireachán a dhéanamh ar an slabhra táirgí.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Cineálacha feola nach gceadaítear

Tuairisc

Leasú 5

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear cosc ar fheoil a úsáid ó chollaigh agus ó chránacha agus ó mhuca ina bhfuil saintréithe neamhfhabhracha (PSS – Siondróm Struis na Muc).

Cúiseanna: Is iomchuí an leasú chun a shoiléiriú go bhfuil feoil ó chollaigh agus ó chránacha agus ó mhuca ina bhfuil saintréithe neamhfhabhracha mí-oiriúnach lena húsáid i dtáirgeadh Lard d'Arnad. Tá sé sin i gcomhréir leis an gcleachtas atá ann faoi láthair, ar cleachtas é atá bunaithe go dtí seo ar thagairt do na sonraíochtaí táirge le haghaidh ATFC Prosciutto di Parma agus ATFC Prosciutto di San Daniele.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - an roinn 'Tógáil agus beathú'

Tuairisc

Leasú 6

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach roinn shonrach maidir le 'Tógáil agus beathú'. Cuireadh isteach na céimeanna cróineolaíocha traidisiúnta a bhaineann le tógáil muc: diúl, scoitheadh, fás agus méathú, agus ar an gcaoi sin an tagairt don ATFC Prosciutto di Parma agus don ATFC Prosciutto di San Daniele a ionadú.

Cúiseanna: Sonraítear sa leasú na céimeanna de thógáil muc trom atá san áireamh cheana féin sna sonraíochtaí táirge dá dtagraíonn an tsonraíocht táirge atá á leasú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Céim an diúil

Tuairisc

Leasú 7

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach na forálacha maidir le céim dhiúil na mbanbh, a bhfuil a fad atá suas le 28 lá ar a laghad, i gcomhréir le forálacha Roinn C de Chaibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/120/CE. Cuireadh isteach tagairtí freisin do bhainbh atá ar chíoch na cránach nó atá á mbeathú le bainne go saorga, do thabhairt amhábhar ceadaithe agus d'úsáid mianraí, forlíontaí vitimíní agus aimíonaigéad, agus breiseán.

Cúiseanna: Sainmhínítear go beacht sa leasú saintréithe na céime diúil i gcomhréir le forálacha reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Le húsáid forlíontaí vitimíní, mianraí agus aimínaigéad, áirithítear fás cuí matán agus cuidíonn siad le díleá agus ionsú cothaitheach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Cneasmharc tionscnaimh dúigh

Tuairisc

Leasú 8

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, leagtar síos na modhanna agus an t-uainiú chun an cneasmharc tionscnaimh dúigh a chur ar dhá chos gach muice agus an cneasmharc gaolmhar agus na samhlacha pláta lena chur.

Cúiseanna: Leis an leasú rialáiltear go beacht na huirlisí agus na céimeanna riachtanacha chun rianú agus inrianaitheacht an amhábhair le haghaidh Lard d'Anard a áirithiú ón gcéad chéim tógála, agus úsáid á baint as na huirlisí atá in úsáid cheana féin, arb uirlisí iad a chomhlíonann na sonraíochtaí a tugadh isteach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Litir ina léirítear mí na breithe

Tuairisc

Leasú 9

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tábla tagartha ina léirítear an litir ba cheart a úsáid chun mí bhreithe an bhainbh a léiriú, atá le háireamh sa chneasmharc tionscnaimh.

Cúiseanna: Leis an leasú, soláthraítear soiléireacht agus trédhearcacht uasta maidir le rianú agus inrianaitheacht na muc a úsáidtear chun 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad' a tháirgeadh chun seiceáil aois na muc ag na céimeanna tógála agus maraithe a éascú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Feistí aitheantais a úsáidtear in ionad an chneasmhairc tionscnaimh dúigh nó in éineacht leis an gcneasmharc tionscnaimh sin

Tuairisc

Leasú 10

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tá an fhéidearthacht ann gairis aitheantais a úsáid in ionad an chneasmhairc tionscnaimh arna chur i bhfeidhm ag an bhfeirmeoir nó in éineacht leis an gcneasmharc tionscnaimh.

Cúiseanna: Trí ghairis sainaitheantais a úsáid in ionad nó in éineacht leis an gcneasmharc tionscnaimh, is féidir uirlisí rianaithe agus lorgaireachta eile a úsáid i gcomhréir le forbairtí teicneolaíochta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Aois na muc a chinneadh

Tuairisc

Leasú 11

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach riail maidir le haois na muc a chinneadh i míonna.

Cúiseanna: Leis an leasú, is féidir aois na muc ag na céimeanna tógála agus maraithe a sheiceáil go soiléir agus gan débhrí.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Céim an laghdaithe

Tuairisc

Leasú 12

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach forálacha maidir le céim scoite na muc. Tugadh isteach rialacha lena rialaítear fad na céime sin, meáchan uasta na mbanbh agus beathú. Tugadh isteach tagairt do 'bheatha thirim' a riaradh, d'úsáid forlíontaí vitimíní, mianraí agus aimíonaigéid, agus d'úsáid breiseán. Méadaíodh an tréimhse scoite ó 80 lá go 3 mhí agus socraíodh an uasteorainn meáchain le haghaidh na mbanbh ag 40 kg.

Cúiseanna: Leis an leasú, leagtar síos dhá pharaiméadar – fad agus meáchan uasta – lena n-áirithítear fás de réir a chéile agus cothromaithe na muc le linn na céime scoite. Le linn na céime sin, féadfar na muca a bheathú leis na hamhábhair uile a cheadaítear leis na rialacha atá i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíontar a riachtanais chothaitheacha, leasa ainmhithe agus sláinte. Trí fhoráil a dhéanamh maidir le beatha thirim a thabhairt, is féidir leis an bhfeirmeoir an modh atá le húsáid a roghnú. Le húsáid forlíontaí vitimíní, mianraí agus aimíonaigéad, áirithítear fás cuí matán agus cuidíonn siad le díleá agus ionsú cothaitheach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Céim an fháis

Tuairisc

Leasú 13

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Cuirtear isteach leis an leasú forálacha maidir leis an gcéim fáis, socraítear uastréimhse 5 mhí leis agus méadaítear an meáchan is féidir a bhaint amach ag deireadh na céime ó 80 kg go 85 kg.

Sonraíodh tagairt do lamháltais ar amhábhair aonair i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009, agus scriostar an tagairt don chéatadán 10 %. Cuireadh isteach go sainráite gur féidir leis an bhfeirmeoir an bheatha a thabhairt i bhfoirm thirim freisin.

Cuireadh isteach ‘Tábla na n-amhábhar a cheadaítear’ agus tá sé le húsáid freisin le haghaidh na chéad chéime eile, i.e. méathú. Leasaíodh ainmneacha na n-amhábhar seo a leanas, agus an ainmníocht dá bhforáiltear i rialacha an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna thabhairt cothrom le dáta le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún, á cur san áireamh:

— ní thagraítear do ‘arbhar Indiach’ san Iodáilis a thuilleadh mar ‘*mais*’ ach ina ionad sin mar ‘*granturco*’;

— tagraítear do ‘seimilín’ anois mar ‘min’;

— tagraítear do ‘meidic na mbó dhíhiodráitithe’ anois mar ‘meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard)’;

— ní thagraítear do ‘asbhrúchán rois’ in Iodáilis a thuilleadh mar ‘*expeller di lino*’ ach ina ionad sin mar ‘*panello di lino*’, agus cuireadh na nithe seo a leanas isteach: ‘beatha asbhrúcháin rois’, ‘min rois’, ‘beatha mine rois’;

— tagraítear do ‘prabhait úll agus piorraí, craicne fíonchaor nó craicne trátaí mar iompróirí le haghaidh forlíontaí cothaitheacha’ anois mar ‘laíon torthaí agus laíon trátaí (prabhait trátaí) mar iompróirí réamh-mheascáin’;

— tagraítear do ‘giosta bríbhéireachta agus/nó giosta torula’ anois mar ‘giostaí’;

— tagraítear do ‘min úsctha ginidín arbhair Indiaigh’ (úsáidtear an focal ‘*mais*’ san Iodáilis) anois mar ‘min ginidín arbhair Indiaigh’ (úsáidtear an focal ‘*granturco*’ san Iodáilis);

— tagraítear do ‘triosc driogaireachta’ anois mar ‘triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’.

Baineadh na hamhábhair seo a leanas:

— ‘carúb a bhfuil na clocha bainte as’;

— ‘líseáití próitéine’;

— ‘prátaí díhiodráitithe’;

— ‘casabhach’;

— ‘laíon biatais brúite agus sadhlasaithe’;

— ‘min seasamain’;

— ‘min úsctha cnó cócó’;

— ‘min feola i gcás dea-cháilíochta amháin agus i gcás ina gceadaítear í faoi dhlí an Chomhphobail’.

Scriosadh an focal ‘coirce’ ón gcatagóir ‘mionghránaigh’.

Athraíodh cainníocht na n-amhábhar seo a leanas:

— ‘bláthach’ le haghaidh na céime fáis amháin (a athraíonn go 250 g ar a mhéad in aghaidh na muice in aghaidh an lae d’ábhar tirim), gan dochar don fhíoras nár cheart ‘meadhg’ agus ‘bláthach’ in éineacht le chéile a bheith níos mó ná 15 lítear in aghaidh na muice in aghaidh an lae;

— ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’ (ó suas le 5 % go dtí suas le 10 %);

— ‘arbhar Indiach’ (ó suas le 55 % go dtí suas le 65 %);

— ‘sorgum’ (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— ‘eorna’ (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— ‘cruithneacht’ (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— ‘triteacál’ (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— ‘laíon biatais díhiodráitithe’ (ó suas le 4 % go dtí suas le 10 %);

— ‘meidic na mbó, triomaithe ag teocht ard’ (ó suas le 2 % go dtí suas le 4 %).

Cuireadh na hamhábhair seo a leanas isteach:

— ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘sadhlas arbhair’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘min bhuí lándéise’;

— ‘triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘beatha asbhrúcháin rois, min rois, beatha mine rois’;

— ‘lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘táirgí a fhaightear le linn ráib olashíol a úscadh’;

— ‘pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe’, le haghaidh na céime fáis amháin.

Roinneadh an t-amhábhar ‘piseanna agus/nó síolta glasraí léagúmacha eile’ ina dhá iontráil: ‘piseanna’ agus ‘síolta glasraí léagúmacha eile’, agus méadaíodh na cainníochtaí (‘piseanna’ suas le 25 % agus ‘síolta glasraí léagúmacha eile’ suas le 10 %).

Maidir le ‘min gráin agus/nó déise arbhair’, sonraíodh go mbaineann sé sin le ‘grán arbhair Indiaigh agus/nó dias arbhair’.

Athraíodh ‘min úsctha soighe’ go dtí ‘táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh’, agus rinneadh an céatadán úsáide le linn na céime fáis agus na céime méathaithe araon a shocrú ag suas le 20 %.

Athraíodh ‘min lus na gréine’ go ‘táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh’, ar méadaíodh a n-úsáid go dtí suas le 10 %.

I Nóta 4 a ghabhann leis an tábla, leagtar síos cion uasta amhshaille nach mó ná 2,5 % den ábhar tirim i gcás táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe, síolta lus na gréine agus ráib olashíl a úscadh.

Cuireadh isteach an rogha mianraí, vitimíní agus breiseáin a úsáid.

I nóta 2, rinneadh an sainmhíniú ar ‘triosca tirime driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’ níos soiléire.

De bhreis ar an uasteorainn 2 % i gcás aigéad líonoiléach, tugtar isteach leis an leasú uasteorainn saille 5 % d’ábhar tirim na haiste bia.

Cúiseanna: Socraíodh an meáchan uasta ag 85 kg – in ionad 80 kg – mar gheall ar fhorbairtí i gcaighdeáin ghéiniteacha, chothaithe agus leasa ainmhithe, rud a chuir feabhas ar chumas fáis na muc. Cuireadh an uastréimhse – 5 mhí – isteach chun a áirithiú go mbeidh an fás cothromaithe roimh an gcéim mhéathaithe.

Leis an tagairt do na lamháltais maidir le hamhábhair aonair, is féidir teacht i gcomhréir leis an reachtaíocht bheatha atá i bhfeidhm, is é sin Airteagal 17(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009.

Trí fhoráil a dhéanamh maidir le beatha thirim a riaradh, is féidir leis an bhfeirmeoir an modh atá le húsáid a roghnú.

Trí ‘Tábla d’amhábhair cheadaithe’ aonair a chur isteach le haghaidh na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon, is éasca an tsonraíocht táirge a léamh.

Athraíodh ainmneacha na n-amhábhar i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 68/2013 ón gCoimisiún, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1017. An téarmaíocht a thabhairt cothrom le dáta chun léiriú níos soiléire a thabhairt ar an gcineál amhábhair dá dtagraítear.

Scriosadh an tagairt do ‘coirce’ toisc go dtagann sí faoin gcatagóir ‘mionghránaigh’.

Baineadh ‘min feola’ toisc nach n-úsáidtear a thuilleadh í i bhfianaise na srianta rialála a tugadh isteach le déanaí.

Baineadh na hamhábhair ‘carúb a bhfuil na clocha bainte as’, ‘líseáití próitéine’, ‘prátaí díhiodráitithe’, ‘casabhach’, ‘biatas, laíon fliuch brúite agus sadhlasaithe’, ‘min seasamain’ agus ‘min eastósctha cnó cócó’, toisc gur ar éigean a fhástar na hamhábhair sin sa limistéar geografach ina dtógtar na muca, nó nach bhfástar ar chor ar bith iad a thuilleadh, nó gur deacair iad a fhoinsiú, nó go bhfuil luach íseal cothaitheach iontu nó nach n-úsáidtear iad ar chúiseanna teicniúla agus ar chúiseanna a bhaineann le cáilíocht. Dá bhrí sin, leis an leasú, baintear an fhéidearthacht amhábhair ó lasmuigh den limistéar tógála muc a úsáid nach raibh in úsáid cheana féin ach i gcainníochtaí diomaibhseacha, má úsáideadh ar chor ar bith iad. Ina ionad sin, tá amhábhair áitiúla eile á n-úsáid, rud a neartaíonn an nasc idir ‘Valle d’Aosta Lard d’Arnad’ agus an limistéar geografach.

Go háirithe, cuireadh béim níos mó ar an tábhacht a bhaineann le haiste bhia gránachbhunaithe, agus méadú ar chéatadáin ‘arbhar Indiach’, ‘eorna’, ‘sorgam’, ‘cruithneacht’ agus ‘triteacál’, ós rud é go raibh na beathaí sin mar bhonn i gcónaí faoi aiste bhia thraidisiúnta na muc. Thairis sin, is iondúil go bhfásann na feirmeoirí iad féin na beathaí sin go minic sa limistéar geografach, rud a neartaíonn an nasc leis an limistéar; áirithítear leo freisin go bhfuil brat saille iomchuí ag na muca chun ‘Valle d’Aosta Lard d’Arnad’ a tháirgeadh.

Tá ‘sadhlas arbhair’ agus ‘triosca tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’, a bhfuil an dara ceann lán le vitimín B, curtha isteach anois le haghaidh na céime méathaithe ós rud é gurb amhábhair idéalacha iad lena n-áirithítear leibhéal leordhóthanach bhrat na saille agus, mar gheall ar a gcion snáithín, déanann muca fásta iad a dhíleá i bhfad níos fearr ná muca óga.

Úsáidtear ‘min bhuí lándéise’, atá fíorlán le snáithín, mar mhalairt ar bhran chun snáithín cothaitheach a thabhairt do na hainmhithe.

Is é is cúis leis an méadú ar ‘laíon biatais díhiodráitithe’ gur táirge an-mhaith, an-snáithíneach é; tá an cion snáithín an-indíleáite sa stéig mhór agus, dá bhrí sin, is táirge oiriúnach é d’ainmhithe fásta.

Méadaíodh úsáid na n-amhábhar ‘bláthach’ (le linn na céime fáis), ‘meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard)’ agus ‘táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh’ mar gheall ar a n-infhaighteacht sa limistéar táirgeachta traidisiúnta agus na torthaí eolaíocha a rinneadh i dtionscal na beatha le 10 mbliana anuas.

Tá an úsáid mhéadaithe a bhaintear as ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’ nasctha lena cion ard próitéine, atá úsáideach san aiste bia (garbhphróitéin) agus atá an-indíleáite.

Tugadh isteach úsáid ‘lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu’ le haghaidh na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon, ós rud é gur cuireadh an teorainn nua 5 % ar shaill san ábhar tirim san aiste bia leis an teorainn 2 % ar aigéad líonoiléach, áirithítear, má úsáidtear blonag le linn na céime méathaithe, go bhfuil leibhéal bhrat saille na muc leordhóthanach.

Sonraíodh go dtagraíonn ‘min ghráin agus/nó déise arbhair’ do ‘grán arbhair Indiaigh agus/nó dias arbhair’, toisc go bhféadfaí go dtagródh an téarma ‘dias’ do ghránaigh eile freisin.

Cuireadh ‘beatha asbhrúcháin rois’, ‘min rois’ agus ‘beatha mine rois’ isteach de bhreis ar ‘asbhrúchán rois’ toisc gur amhábhair chomhchosúla iad agus go n-áirítear iad i Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún.

Cuireadh isteach ‘Pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe’ toisc, le linn na céime fáis, go dtugann soighe fuinneamh atá fíor-riachtanach chun riachtanais fuinnimh na muc a chomhlíonadh.

Méadaíodh úsáid ‘piseanna’ agus ‘síolta léagúim eile’ toisc gur amhábhair iad sin a fhásann sa limistéar táirgeachta; áirithíonn ‘piseanna’ cáilíocht bhrat saille na muc freisin agus, murab ionann agus léagúim eile, tá tiúchan íseal tosca frithchothaitheacha iontu.

Maidir le ‘táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh’, rinneadh an céatadán a shocrú ag 20 % le linn na céime fáis agus na céime méathaithe araon, chun a áirithiú go bhfuil brat saille na muca leordhóthanach. Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g. ‘min (pónaire) soighe’, i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin in 2013 rinneadh dhá iontráil díobh, ‘min (pónaire) soighe’ agus ‘beatha mine (pónaire) soighe’, i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 1017/2017. Liostaítear i Rialachán (AE) 2017/1017 roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh; ní féidir iad ar fad a liostú agus d’fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás nuashonruithe/leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1017. Leagadh síos cion uasta amhshaille 2,5 % den ábhar tirim sna nótaí a ghabhann le tábla na n-amhábhar ceadaithe chun brat saille iomchuí a áirithiú.

Maidir le 'táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh', atá socraithe anois ag 10 %: tá cion amhshaille an amhábhair tábhachtach chun a áirithiú go bhfuil brat saille oiriúnach ag na muca; dá bhrí sin, áiríodh cion uasta amhshaille 2,5 % den ábhar tirim sna nótaí a ghabhann leis an tábla maidir le hámhabhair ceadaithe. Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g. 'min shíolta lus na gréine' i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin rinneadh dhá iontráil díobh, 'min shíolta lus na gréine' agus 'beatha mhin shíolta lus na gréine', in 2013 i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 2017/1017. Le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún, liostaítear roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh; ní féidir iad ar fad a liostú agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás nuashonruithe/leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1017.

Maidir le 'táirgí a fhaightear le linn ráib olashíl a úscadh', tugadh 'ráib olashíl' isteach sa liosta amhábhar as an nua toisc gur féidir cineálacha nua a roghnú atá saor ó ghlúcóisínealáití agus ó aigéad éarúcach (tosca frithchothaitheacha) a bhuí leis an dul chun cinn sa ghéineolaíocht; cuireadh foclaíocht ar an iontráil chun an struchtúr a úsáidtear le haghaidh táirgí soighe agus lus na gréine a mheaitseáil. Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g. 'min ráibe olashíl' i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin rinneadh dhá iontráil díobh, 'min ráibe olashíl' agus 'beatha mine ráibe olashíl', in 2013 i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 1017/2017. Le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún, liostaítear roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn ráib olashíl a úscadh; ní féidir na hámhabhair uile a liostú agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás ina dtugtar Rialachán (AE) 2017/1017 cothrom le dáta. Bhi cion uasta saille gairbhe 2,5 % den ábhar tirim leagtha síos sna nótaí a ghabhann le tábla na n-amhábhar ceadaithe chun brat saille a áirithiú a bheadh oiriúnach do tháirgeadh 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad'.

Áirithítear le húsáid vitimíní, mianraí agus breiseán fás cuí matán agus cabhraíonn sé le díleá agus ionsú cothaitheach.

Soiléiríodh an sainmhíniú ar 'triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha' trí úsáid a bhaint as an bhfoclaíocht i bpointe 1.12.9 de Rialachán (AE) 2017/1017.

Áirithítear leis an uasteorainn saille, a chuirtear le teorainn an aigéid líonoiléaigh, leibhéal oiriúnach cumhdaigh saille chun 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad' a tháirgeadh; tá an dá chritéar sin fíor-riachtanach, toisc gur méadaíodh amhábhair a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinsí saillte a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar cháilíocht bhrat saille na muc (arbhar Indiach) nó gur tugadh isteach iad (lipidí ag a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C le haghaidh na céime bailchríochnaithe freisin).

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Tionscnamh ábhar tirim na beatha muc

Tuairisc

Leasú 14

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach an fhoráil go dtagann 50 % ar a laghad d'ábhar tirim na beatha muc, ar bhonn bliantúil, ón limistéar geografach ina dtógtar na muca.

Cúiseanna: Tagann na hamhábhair ar a mbeathaítear na muca ón limistéar geografach ina dtógtar iad. D'fhéadfadh sé, áfach, nach mbeadh sé indéanta go teicniúil, ar chúiseanna a bhaineann leis an aeráid agus ar chúiseanna tráchtála, 100 % de na hamhábhair a fháil go háitiúil. In aon chás, ráthaítear cáilíochtaí 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad' agus a nasc leis an limistéar i gcónaí toisc go ndéantar 50 % ar a laghad den ábhar tirim sa chiondáil bheatha ar bhonn bliantúil a fhoinsiú ón limistéar geografach tógála, i gcomhréir le hAirteagal 47(2) de Rialachán (AE) 2024/1143.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Céim an bhailchríochnaithe

Tuairisc

Leasú 15

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, sna rialacha maidir le muca a bheathú a bhaineann leis an gcéim mhéathaithe, tagraítear ar ais do 'Tábla na n-amhábhar ceadaithe' a áirítear sa chéim fáis, agus tá sonraíochtaí áirithe ann atá riachtanach don chéim mhéathaithe.

Cúiseanna: Leis an leasú, soláthraítear léargas soiléir ar an mbeatha a cheadaítear le linn na céime méathaithe freisin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - an roinn 'Marú agus gearradh'

Tuairisc

Leasú 16

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach an roinn dar teideal 'Marú agus gearradh' agus cuirtear foclaíocht úr ar an bhforáil maidir le haois íosta na muice tráth a maraithe, gan í a leasú, ach á nascadh leis an tseiceáil trí bhíthin an chneasmhairc tionscnaimh agus/nó an ghairis aitheantais a ghlacann ionad an chneasmhairc tionscnaimh, nó a úsáidtear in éineacht leis, ar cneasmharc nó gaireas é a dtugtar tuairisc air sa chuid a bhaineann le beathú agus tógáil muc.

Cúiseanna: Leis an leasú sin, déantar an tsonraíocht táirge níos soiléire i ndáil le céim an mharaithe, lena n-áirítear maidir le forbairtí teicneolaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann. Trí léiriú a thabhairt ar an modh chun aois muc a ríomh, is féidir le hoibreoirí agus leis an gcomhlacht rialúcháin é a ríomh i gceart agus go haonchiallach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Aois na muc lena marú a chinneadh

Tuairisc

Leasú 17

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach an critéar maidir le haois muc a ríomh chun críche maraithe.

Cúiseanna: Leis an leasú, soiléirítear an tsonraíocht táirge le haghaidh oibreoirí agus chun críoch rialaithe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Aicmí tráchtála conablach

Tuairisc

Leasú 18

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear athfhriotal ar an tagairt d'úsáid conablach H Trom, óna bhfaightear na gearrthacha úra saille [*baffe*] a úsáidtear chun 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad' a tháirgeadh.

Cúiseanna: Leis an leasú, soiléirítear an tsonraíocht táirge agus tugtar cothrom le dáta na tagairtí do reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Meáchan conablaigh aonair

Tuairisc

Leasú 19

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear meáchan conablaigh aonair idir 110.1 kg agus 190.0 kg, ar meáchan é arna fhionnadh tráth an mharaithe, in ionad pharaiméadar bheomheáchan na muice 160 kg +/- 10 %.

Cúiseanna: Trí fáil réidh leis an mbeomheáchan agus an critéar maidir le meáchan conablaigh aonair a chuimsiú, is féidir seiceáil níos beaichte a dhéanamh ar na ceanglais incháilitheachta maidir le gach muc a mharaítear, toisc gur modh níos trédhearcaí, níos cruinne, níos spriocdhírithe agus níos fearr go ginearálta é. Tá an méadú ar mheáchan muc nasctha leis an treocht atá ann faoi láthair i bhfeirmeoireacht muc na hEorpa mar thoradh ar ghéineolaíocht, leas ainmhithe agus cothú feabhsaithe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Oibríochtaí gearrtha

Tuairisc

Leasú 20

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, sonraítear go bhféadfar oibríochtaí gearrtha a dhéanamh freisin in ionaid spólta seachas an seamlas inar maraíodh na hainmhithe.

Cúiseanna: Sainaithnítear leis an bhforáil socrú nua maidir le conablaigh a ghearradh atá i gcomhréir le hIarscríbhinn III, Roinn I, Caibidil V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Teocht ag a stóráiltear na gearrthacha saille

Tuairisc

Leasú 21

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach rialacha maidir leis an teocht ag a bhfuil na gearrthacha saille a scartar ón gconablach le stóráil go dtí go n-iompraítear iad agus go seachadtar ar na táirgeoirí iad, agus raon teochta ann idir -1 °C agus + 4 °C á thabhairt isteach.

Cúiseanna: Ráthaítear leis an leasú leanúnachas an tslabhra fhuair, rud a chuireann cosc ar fhás miocróbach agus a chuireann stop leis na gearrthacha saille tiontú bhréan agus, ar an gcaoi sin, a áirithíonn go dtáirgtear 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad' i gceart agus go bhfaightear na saintréithe blais agus bolaidh dá dtagraítear in Airteagal 6 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2 - Deireadh a chur leis an bhforáil maidir le deimhniú an tseamlais

Tuairisc

Leasú 22

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear deireadh le hAirteagal 2, an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge.

Cúiseanna: Tá gá le deireadh a chur leis an leasú toisc go mbaineann na forálacha leis an gcóras rialaithe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 3 - Míchruinneas a cheartú

Tuairisc

Leasú 23

Baineann an leasú le hAirteagal 3, an dara mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, déantar '*predominanti*' a chur in ionad an fhocail Iodálaise '*predominati*'.

Cúiseanna: Tá gá leis an leasú chun earráid chléireachais i dtéacs na sonraíochta táirge a cheartú, de réir an iarratais ar leasú caighdeánach a bhaineann leis an ATFC a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* 2010/C 222 an 17.8.2010, ina léitear Leasú 2 mar '*essere predominanti*' san Iodáilis.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú 4 - Teorainn ama chun an tsaill a ghearradh agus í a chur i gcoimeádáin

Tuairisc

Leasú 24

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an tríú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.2 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear 'sé lá' in ionad '48 n-uair an chloig' mar an teorainn ama chun an tsaill a ghearradh agus í a chur sna coimeádáin adhmaid (*doils*).

Cúiseanna: Tá gá leis an leasú ionas go bhfuil sé níos éasca an t-amhábhar is gá a sholáthar do ghnóthais chun an ATFC a tháirgeadh, ós rud é go bhfuil na dúshláin lóistíochta agus bhonneagar is gnách do limistéir shléibhe le sárú ag limistéar táirgeachta Valle d'Aosta Lard d'Arnad, atá suite laistigh de na hAlpa. Ós rud é go gcoinnítear ar bun an slabhra fuar, tá an t-amhábhar fós oiriúnach lena úsáid fiú má tharlaíonn méadú ar an tréimhse ar laistigh de nach mór an tsaill a ghearradh agus í a chur sna coimeádáin adhmaid.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4 - Oibríochtaí bearrtha

Tuairisc

Leasú 25

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, déantar tuairisc ar na hoibríochtaí bearrtha roghnacha a thabhairt isteach sa tsonraíocht táirge.

Cúiseanna: Sonraítear leis an leasú conas na hoibríochtaí bearrtha roghnacha a dhéanamh, ar rud é a fhéadfar a athdhéanamh roinnt uaireanta. Leis na hoibríochtaí sin, is féidir aon locht sa ghearradh a cheartú agus dromchla na saille a dhéanamh níos aonfhoirmí, rud a éascaíonn gníomhaíocht an tsáile ina dhiaidh sin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4 - Teocht na ngearrthacha saille suas go dtí go gcuirtear i gcoimeádáin iad

Tuairisc

Leasú 26

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach oibleagáid chun na gearrthacha úra saille a choinneáil laistigh de raon teochta socraithe, idir -1 °C agus + 4 °C, go dtí go gcuirfear sna *doils* iad.

Cúiseanna: Leis an leasú, soiléirítear na coinníollacha ina bhfuil na gearrthacha saille le coinneáil sula gcuirtear sna *doils* iad, rud agus áirithítear, ar an dóigh sin, go bhfanann siad úr ionas gur féidir na saintréithe blais agus bolaidh dá dtagraítear in Airteagal 6 den tsonraíocht táirge a fháil. Leis an leasú, ceadaítear na ceanglais a sheiceáil go beacht feadh an tslabhra táirgeachta ar fad.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5 - Tréimhse íosta leasaithe

Tuairisc

Leasú 27

Baineann an leasú le hAirteagal 5, an chéad mhír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.2 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear '90 lá' in ionad 'trí mhí' mar an tréimhse íosta a bhfuil an tsaill le leasú lena linn agus sonraítear conas an líon laethanta a chomhaireamh.

Cúiseanna: Fágann an leasú gur féidir an ré íosta leasaithe a shonrú go beacht, rud a éascóidh obair na dtáirgeoirí atá cláraithe i gcóras rialaithe ATFC agus sna rialuithe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 6 - Uainiú chinneadh shaintréithe an táirge

Tuairisc

Leasú 28

Baineann an leasú le hAirteagal 6 den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.2 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Sonraítear leis an leasú nach mór saintréithe 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad' dá dtagraítear in Airteagal 6 a bheith ar marthain ag deireadh an leasaithe agus go bhfuil gá leo chun é a scaoileadh lena thomhailt.

Cúiseanna: Tá gá leis an leasú ionas go ndéanfar a shoiléiriú nach mór na saintréithe a leagtar síos sa tsonraíocht táirge a bheith ag an *lardo* amhail ag deireadh an leasaithe; beidh sé sin úsáideach freisin le haghaidh an chórais rialaithe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 7 - Deireadh a chur leis an bhforáil maidir le rialuithe

Tuairisc

Leasú 29

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear deireadh le foráil Airteagal 7 maidir le rialuithe.

Cúiseanna: Is gá an fhoráil sin a bhaint toisc go mbaineann sí leis an gcóras rialúcháin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Athuimhriú Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 30

Baineann an leasú le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, athuimhrítear Airteagal 8 mar Airteagal 7.

Cúiseanna: Tá gá leis an leasú i bhfianaise struchtúr airteagail nua na sonraíochta táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Sonraíochtaí a bhaineann le hainm an táirge

Tuairisc

Leasú 31

Baineann an leasú le hAirteagal 8, an chéad mhír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach an rogha chun an giorrúchán 'DOP' [ATFC] a úsáid in ionad na foclaíochta 'Denominazione di origine protetta' [Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint] le haghaidh 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad', ar cuireadh a ainm iomlán agus ceart isteach san fhoráil.

Cúiseanna: Leis an leasú, tugtar an tsonraíocht táirge i gcomhréir le rialacha an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm, ar rialacha iad a leagtar síos in Airteagal 37(6) de Rialachán (AE) 2024/1143, agus leis an mbealach beacht ina bhfuil an t-ainm cláraithe mar ATFC.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Siombail ATFC an Aontais Eorpaigh

Tuairisc

Leasú 32

Baineann an leasú le hAirteagal 8, an chéad mhír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach foráil maidir le siombail ATFC an Aontais Eorpaigh a úsáid in éineacht le hainm 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad'.

Cúiseanna: Fágann an leasú gur féidir teacht i gcomhréir le hAirteagal 37(3) de Rialachán (AE) 2024/1143.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - An táirgeoir a lua ar lipéid táirgí

Tuairisc

Leasú 33

Baineann an leasú le hAirteagal 8, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach an oibleagáid chun ainm nó ainm gnó agus/nó branda agus seoladh tháirgeoir 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad' a lua ar lipéad an ATFC.

Cúiseanna: Tá sé beartaithe go mbeidh an leasú úsáideach le haghaidh tomhaltóirí agus chun infheictheacht a thabhairt ar lipéid do tháirgeoirí ATFC 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad'.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Foirmeacha ina ndéantar an táirge a mhargú

Tuairisc

Leasú 34

Baineann an leasú le hAirteagal 8, an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.5 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, déantar mír shonrach, maidir leis na cineálacha táirgí agus maidir leis na foirmeacha ina margaítear 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad', a thabhairt isteach in Airteagal 7 den tsonraíocht táirge: ina phíosaí, de réir mar a fhoráiltear ina leith le hAirteagal 6; nó ina slisní.

Cúiseanna: Leis an leasú, tugtar isteach sa tsonraíocht táirge tásc beacht ar na cineálacha táirgí agus ar na foirmeacha nach mór 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad' a mhargú iontu, rud a chuidíonn lena áirithiú go bhfuil sé sainiúil do thomhaltóirí, lena n-áirítear i bhfianaise na tábhachta méadaithí atá ag táirgí réamhphacáilte ar an margadh.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 - Rialacha maidir leis an gcraiceann

Tuairisc

Leasú 35

Baineann an leasú le hAirteagal 8, an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.5 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach an rogha, ag deireadh an leasaithe, chun an craiceann a bhaint de leaca leasaithe *lardo* atá beartaithe lena phacáil nó lena shlisniú ina dhiaidh sin, agus é leagtha síos nach mór an craiceann a phacáil in éineacht leis an leac *lardo*.

Cúiseanna: Tá gá leis an leasú ós rud é, ar chúiseanna tráchtála agus ionas go ndéantar obair slisneoirí a bharrfheabhsú, go bhféadfar a iarraidh ar tháirgeoirí an ATFC a sholáthar agus a chraiceann bainte de cheana féin. I gcásanna den sórt sin, i gcomhréir leis an tsaintréith dá dtagraítear in Airteagal 6, ar saintréith í ar dá réir nach mór an craiceann a bheith ann ar thaobh an táirge, ní mór an craiceann a bheith pacáilte in éineacht le is an leac *lardo*.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 8 nua a chur isteach, ar Airteagal é a bhaineann leis an nasc leis an gcomhshaol

Tuairisc

Leasú 36

Baineann an leasú le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge a chur isteach ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear Airteagal 8 nua 'Nasc leis an gcomhshaol'isteach sa tsonraíocht táirge, ar Airteagal é ina dtugtar tuairisc ar an gcaoi a bhfuil 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad' nasctha leis an gcomhshaol, trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a thugtar san iarratas ar chlárú, i.e. leathan na hachoimre (pointe 5, mír (f)), a seoladh chuig an gCoimisiún Eorpach in 1994 de bhun Airteagal 17 de Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92 ón gComhairle an 14 Iúil 1992 a bhí infheidhme an tráth sin.

Cúiseanna: Is gá an méid sin a chur isteach le go mbeidh sé i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm, ar reachtaíocht é a leagtar síos in Airteagal 49(1) de Rialachán (AE) 2024/1143.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 9 nua a chur isteach a bhaineann le cruthúnas tionscnaimh.

Tuairisc

Leasú 37

Baineann an leasú le hAirteagal 9 den tsonraíocht táirge a chur isteach ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear Airteagal 9 'Cruthúnas tionscnaimh isteach sa tsonraíocht táirge', ar Airteagal é lena sonraítear gur gá faireachán a dhéanamh ar gach catagóir páirtí i slabhra táirgeachta ATFC agus iad a chur faoi rialú an chomhlachta tharmligthe ionas go ndéantar a áirithiú go bhfuil an táirge a bhfuil a ainm cláraithe intraiceáilte agus inrianaithe.

Cúiseanna: Is gá an t-airteagal a chur isteach chun an tsonraíocht táirge a thabhairt i gcomhréir le rialacha an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm, ar rialacha iad a leagtar síos in Airteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26 ón gCoimisiún.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Valle d'Aosta Lard d'Arnad / Vallée d'Aoste Lard d'Arnad'

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-1493-AM01 — 19.8.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Valle d'Aosta Lard d'Arnad / Vallée d'Aoste Lard d'Arnad'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ PDO

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Iodáil

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

16 - ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, Ó ÉISC, Ó CHRÚSTAIGH, Ó MHOILISC NÓ Ó INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is táirge muiceola é 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad'/'Vallée d'Aoste Lard d'Arnad', ar táirge é atá saillte agus leasaithe go nádúrtha, a tháirgtear ó ghualainn agus ó dhroim muc 9 mí d'aois ar a laghad agus, nuair a scaoiltear lena thomhailt é, ag a bhfuil sraith saille atá 3 cm ar tiús ar a laghad.

Ní mór an tsaill a ghearradh agus a chur i gcoimeádáin adhmaid speisialta (*doils*) laistigh de thréimhse nach mó ná 6 lá ón lá tar éis an mharaithe.

Ní mór an t-adhmad a úsáidtear chun na *doils* a dhéanamh a bheith déanta as castán, as dair nó as learóg.

Nuair a bhíonn an tsaill á cur isteach sna *doils*, malartaíonn gach sraith saille le sraith salainn agus blastán nádúrtha, agus leantar ar aghaidh ar an modh sin go dtí go mbíonn an coimeádán lán; clúdaítear gach rud le huisce saillte ansin ar uisce é atá curtha ar fiuchadh ar dtús agus atá fágtha lena fhuarú chun an sáile is gá a dhéanamh chun an tsaill a chaomhnú.

Ní mór an tsaill a bheith suite laistigh de na *doils* ar feadh tréimhse nach lú ná 90 lá ag tosú ón lá a chuirtear sna coimeádáin adhmaid í, agus comhaireamh ar an lá a chuirtear isteach í agus an lae a thógtar amach í araon.

Ag deireadh an leasaithe, agus chun an tsaill a scaoileadh lena tomhailt, ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith ag 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad':

Saintréithe fisiceacha

Cruth: i bpíosaí de mhéideanna éagsúla, ag brath ar an ngearradh agus ar an teicníc, agus an tsaill a bheith 3 cm ar tiús ar a laghad. Coinníonn gach píosa an craiceann ar a thaobh.

Cuma sheachtrach: dath bán agus d'fhéadfadh sraith thanaí feola a bheith ann agus, an tráth céanna, bíonn dath bándearg éadrom ann ar an taobh istigh de ghnáth gan marmarú.

Tréithe orgánaileipteacha

Boladh: saibhir o thaobh dea-bholaithe de;

Blas: blas deas a chuireann na luibheanna a úsáidtear sa mheascán sáile i gcuimhne.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Tagann na hamhábhair le haghaidh na muc ón limistéar geografach tógála. I mblianta áirithe, áfach, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta go teicniúil, ar chúiseanna a bhaineann leis an aeráid agus ar chúiseanna tráchtála, 100 % de na hamhábhair le haghaidh na muc a fháil go háitiúil. Sna cásanna sin, i gcomhréir le hAirteagal 47(2) de Rialachán (AE) 2024/1143, chun an nasc leis an gcríoch agus cáilíocht 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad' a ráthú, áirithítear i gcónaí go dtagann 50 % ar a laghad d'ábhar tirim na n-amhábhar le haghaidh na muc, ar bhonn bliantúil, ón limistéar geografach tógála.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tarlaíonn táirgeadh 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad', ó shailleadh go leasú, go hiomlán laistigh den limistéar geografach ina gcuimsítear bardas Arnad (Réigiún Féinrialaitheach Valle d'Aosta).

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Féadtar 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad' a mhargú:

— ina phíosaí; nó

— slisnithe.

Nuair a bhíonn an táirge á phacáil, ceadaítear don chuideachta is táirgeoir an craiceann a bhaint roimh ré; i gcásanna den sórt sin, ní mór an craiceann a phacáil in éineacht le leac *lardo*.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an téarma 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad' a bheith ann i gcarachtair shoiléire dhoscriosta, iad scartha go soiléir ó gach foclaíocht eile, agus na focail 'Denominazione di Origine Protetta' [Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint] nó an giorrúchán 'DOP' [ATFC] a bheith ann ina dhiaidh agus ní mór siombail ATFC an Aontais Eorpaigh a bheith ag gabháil leis.

Féadtar an t-ainm a thabhairt in Iodáilis, 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad', nó i bhFraincis, 'Vallée d'Aoste Lard d'Arnad'.

Ní mór ainm nó ainm gnó agus/nó branda agus seoladh tháirgeoir 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad' a bheith ar an lipéad.

Féadfaidh na tásca sin a bheith ann in éineacht le lógó an ainmniúcháin.

Tá toirmeasc ar aon tuairisc a chur isteach nach ndéantar foráil shainráite maidir leis.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is é limistéar táirgthe 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad' an limistéar geografach ina gcuimsítear bardas Arnad (Réigiún Féinrialaitheach Valle d'Aosta).

Ní mór muca atá beartaithe chun 'Valle d'Aosta Lard d'Arnad' a tháirgeadh, a bheith beirthe, tógtha, maraithe agus gearrtha laistigh de na réigiúin seo a leanas: Valle d'Aosta, Piedmont, Lombardia, Emilia-Romagna, Veneto.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Braitheann gnéithe an táirge ATFC ar dhálaí comhshaoil agus ar thosca nádúrtha agus daonna. Go háirithe, braitheann airíonna an amhábhair ar an limistéar ainmnithe sonrach.

Sa limistéar arb é foinse an amhábhair é, tá forbairt na feirmeoireachta stoic nasctha le saothrú forleathan barr gránach agus le modhanna oibre san earnáil déiríochta atá thar a bheith speisialaithe agus a spreag feirmeoireacht muc go háitiúil.

Tá próiseáil logánta Lard d'Arnad bunaithe ar mhodhanna ceardaíochta a forbraíodh le himeacht ama agus atá fréamhaithe go domhain i dtraidisiúin mhuintir na háite i mbardas Arnad.

Tuilleann Lard d'Arnad a ghnéithe ar leith ó gach céim den phróiseas táirgthe. Tosaíonn sé sin le haiste bia na muc, rud a eisíonn forlíontaí beatha i bhfabhar beatha ainmhithe nádúrtha, agus rud a chríochnaíonn le táirge deiridh a ndearnadh próiseáil, gearradh agus glanadh air.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/3339